# Mata i mbun oibre

## #UsaidimMata



### Alex Deonarine
Forbairt Dhigiteach, Danske Bank

Tá céim sa Cheimic agam ach is í an mhata a úsáidim i mo ról ó lá go lá! Tá mhata riachtanach chun sonraí a láimhseáil agus a léirmhíniú. Úsáidim é chun treochtaí agus patrúin airgeadais sa gheilleagar a aimsiú agus chun patrúin idirbheart a thuiscint. Cuireann an mhata ar mo chumas a bheith cruthaitheach le mo chuid smaointeoireachta agus fadhbanna casta á réiteach agam. Bí cinnte nach bhfuil aon mhothúchán níos fearr ná nuair a oibríonn tú rud éigin amach faoi dheireadh agus más de bharr na mata a tháinig tú ar an réiteach sin!



### Laura McDermott
Printíseach Innealtóireachta Meicniúla agus Leictrí, Tetratech

Is cuimhin liom mo chuid mata GCSE a dhéanamh agus smaoineamh nach bhfuil aon bhaint aige le saol an lae inniu. Nuair a fhéachaim siar, tuigim anois gur chabhraigh sé liom le linn mo chúrsa tógála agus níos mó fós anois, tráth a bhfuilim i lár mo chéim innealtóireachta agus mé ag obair do Tetratech. Creidim i ndáiríre gurb í an mhata an bunús le gach rud ach tuigim nach mbíonn sé éasca ag gach duine. Déarfainn, fiú amháin mura bhfuil tú ar fheabhas ag mata ar scoil, ná cuireadh sin lagmhisneach ort. Coinnigh ort agus cuimhnigh go bhfuil go leor bealaí éagsúla ann chun an barr a bhaint amach. Is breá liom a bhfuil á dhéanamh agam anois agus níor fhéach mé siar riamh.



### Pearson Morris
Príomhchócaire & Pátrún NOBLE, Holywood

Bhí ról ag an mata i mo shaol i gcónaí, ó GCSE agus mata A-Leibhéal ar scoil, go céim i nGnó, Cuntasaíocht agus Airgeadas in Ollscoil Northumbria. I mo shlí bheatha mar chócaire, síneann sí ó na rudaí bunúsacha, mar shampla oidis a leanúint, bia a roinnt agus stoc a rialú, go dtí tuiscint a fháil ar ár gclár comhardaithe míosúil agus ar athbhreithnithe ar fheidhmíocht ghnó. Molaim do mo chócairí go léir a bheith ar a gcompord leis na huimhreacha ionas gur féidir linn díriú ar an mbia.



### Aaron Howarth
Cúntóir Optúil, Specsavers

Ar scoil níor chaith mé a lán ama ag díriú ar an mata. Ag breathnú siar dom ba mhaith liom dá mbeinn tar éis níos mó oibre a chur isteach mar tá sé thar a bheith riachtanach do gach post. Tá sé an-áisiúil don obair agus don saol! Úsáidim matamaitic gach lá agus mé ag déanamh tástálacha réamhscagtha, ag tomhas frámaí agus ag cinntiú go n-oirfidh spéaclaí go foirfe, chomh maith le sainchomhairle a thabhairt maidir le spéaclaí agus frámaí a roghnú agus nuair a bhímse ag plé le hairgead agus íocaíochtaí.



### Jasmine Dines
Printíseach Uisce agus Fuíolluisce, Uisce Thuaisceart Éireann

Tá mata cosúil le rúndiamhair Scooby-Doo, ní mór duit na leideanna go léir a thugtar duit a úsáid chun an fhírinne a fháil amach! Bhain mé taitneamh as mata ar scoil cé go mbím ag streachailt uaireanta chun luí isteach uirthi. Tuigim anois a thábhachtaí agus atá an mhata sa saol. Úsáidim an mhata sa ról atá agam faoi láthair, mar shampla monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil, tomhsairí a léamh, agus dáileoga ceimiceacha a thomhas chun a chinntiú go bhfuil an t-uisce a chuirimid ar ais san aigéan glan. Coinnigh ort ag réiteach na rúndiamhra sin!



### Siofra Frost
Comhordaitheoir an Chláir, Catalaíoch

Nuair a bhí mé ar scoil bhain mé taitneamh as mata, ach níor shíl mé go mbainfinn an-úsáid aisti nuair a chuaigh mé chuig an ollscoil chun staidéar a dhéanamh ar an dlí. I mo phost bím ag obair le daoine ar spéis leo a ngnólachtaí féin a chur ar bun - úsáidim matamaitic gach lá chuige seo, mar caithfimid a ndul chun cinn agus a bhfás a mheas an t-am ar fad. Ní mheastar gur slí bheatha mhatamaiticiúil í mo shlí bheatha go traidisiúnta, ach chuaigh mo chuid scileanna ó fhoghlaim na mata ar scoil go mór chun tairbhe dom agus cuidíonn siad liom oibriú níos tapa agus níos éifeachtaí.

---

Mata do Chách — Seachtain Mhata na hÉireann

16-24 Deireadh Fómhair 2021

#IUseMaths (#UsaidimMata)

**Cláraigh anois ar mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag: CALMAST, Waterford Institute of Technology / Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Le tacaíocht ó: Science Foundation Ireland (SFI) — For what's next; Smart Futures (in association with) www.smartfutures.ie; An Roinn Oideachais agus Scileanna / Department of Education and Skills; Xilinx; Department for the Economy www.economy-ni.gov.uk